# ELeathanach 497

Aibreán

Dé Luain, an 28 Aibreán 2025





Cruib shúgartha

## Valerie, an madra, slán sábháilte

Bhí an madra an-bheag caillte ar feadh níos mó ná 500 lá san Astráil, ach d'éirigh leis na tarrthálaithe Valerie a aimsiú.

I mí na Samhna, 2023, bhí Valerie ar saoire lena húinéirí ar Oileán Cangarú san Astráil. D'fhág a húinéirí Valerie i gcruib shúgartha agus chuaigh siad ag iascaireacht. Nuair a tháinig siad ar ais, bhí an madra beag imithe. Ní raibh aon duine in ann í a aimsiú.

Le déanaí, chonaic roinnt daoine Valerie. D'úsáid na tarrthálaithe ceamaraí chun í a fheiceáil. Ar deireadh, mheall siad í agus tá sí slán sábháilte anois.

Bhí sí caillte ar feadh 529 lá ar an iomlán. Tá áthas an domhain ar a húinéirí gur tháinig sí slán.

## Bua stairiúil ag Contae na Mí

Dé Domhnaigh, i gcluiche leathcheannais Chraobh Laighean, bhain foireann peile na Mí i gcoinne Bhaile Átha Cliath. Chríochnaigh an cluiche leis an scór 0-23 i gcoinne 1-16.

Is í seo an chéad uair ó 2010 nár shroich Baile Átha Cliath cluiche ceannais Laighean.

Bhí tús láidir ag an Mí sa chluiche agus bhain siad buntáiste as na rialacha nua sa pheil i mbliana. Chomh maith leis sin, chabhraigh ciceanna amach Cluxton leis an Mí, rud a thug buntáiste eile dóibh

Bhí tréimhse sa chluiche nuair a bhí cuma ar an scéal go raibh Baile Átha Cliath chun teacht ar ais. Ach chríochnaigh an Mhí an cluiche go láidir.

Is bua stairiúil é seo don Mhí agus is spreagadh ollmhór é roimh chluiche ceannais Laighean i gcoinne an Lú.

18 An Mhí 87



## Peppa Pig ar mhuin na muice!!

Cúpla seachtain ó shin, bhí mamaí Peppa Pig ar an teilifís. D'inis sí do na láithreoirí go mbeidh babaí aici go luath.

An deireadh seachtaine seo caite, bhí Peppa agus a teaghlach ar bís. Fuair siad amach go mbeidh deirfiúr nua ag Peppa agus George.

Ní bheidh an babaí sa chlár go dtí mí Mheán Fómhair, ach beidh Peppa agus a teaghlach ag ullmhú sna heagráin ó mhí Bealtaine.